CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 183/24
Lucsamburg, an 22 Deireadh Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-652/22 | Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret

# Ní féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas a bhaineann le conarthaí poiblí a bheith ag brath ar an chóir chomhionann sa réimse sin

In éagmais comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tír a bhaineann le conarthaí poiblí, ní féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha ón tríú tír sin a bheith ag brath ar fhorálacha na Treorach ábhartha sa réimse sin [1] chun páirt a ghlacadh i nós imeachta chun conradh poiblí a dhámhachtain san Aontas go cothrom i gcomparáid le tairgeoirí na mBallstát nó na tríú tíortha atá faoi cheangal ag comhaontú den sórt sin. Thairis sin, i bhfianaise inniúlacht eisiach an Aontais i réimse an chomhbheartas tráchtála, níl sé de chumhacht ag údaráis náisiúnta na forálacha náisiúnta lena dtrasuítear na rialacha atá sa Treoir sin maidir le hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha nár thug comhaontú idirnáisiúnta den sórt sin i gcrích leis an Aontas a chur i bhfeidhm.

D’oscail eintiteas conarthach nós imeachta chun conradh phoiblí a dhámhachtain chun bonneagar iarnróid a nascann dhá chathair sa Chróit a thógáil. Rinne Kolin Inşaat Turizm Sanayi ve Ticaret (Kolin), cuideachta atá bunaithe sa Tuirc, agóid i gcoinne dhlíthiúlacht an chinnidh lena ndámhtar an conradh ar thairgeoir eile. I gcomhthéacs na caingne seo, iarrann an chúirt náisiúnta inniúil ar an gCúirt Bhreithiúnas na himthosca a shonrú faoina bhféadfaidh eintitis chonarthacha, faoin Treoir ábhartha a bhaineann le conarthaí poiblí, iarraidh ar thairgeoirí ceartúcháin nó soiléirithe a dhéanamh ar a gcéad tairiscint i ndiaidh dhul in éag na teorann ama chun tairiscintí a chur isteach.

Rialaíonn an Chúirt ar inghlacthacht na hiarrata atá os a comhair.

Tugann sí dá haire go bhfuil an tAontas faoi cheangal, i ndáil le tríú tíortha áirithe ag comhaontuithe idirnáisiúnta, go háirithe an Comhaontú maidir le Soláthair Rialtais, lena n-áirithítear, ar bhealach cómhalartach agus comhionann, rochtain d’oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar sholáthair poiblí. De réir na treorach is infheidhme maidir leis an gconradh poiblí atá i gceist sa chás seo, ní mór d’eintitis chonarthacha na mBallstáit is páirtithe i gcomhaontú den sórt sin cóir nach bhfuil lú fabhar a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha atá ina bpáirtithe de chomhaontú den sórt sin ná an chóir a thugtar d’oibreoirí eacnamaíocha an Aontais. Is féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha a bheith ag brath ar fhorálacha na Treorach sin.

Os a choinne sin, **ní féidir le hoibreoirí ó thríú thíortha**, amhail an Tuirc, **nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas** páirt a ghlacadh i nós imeachta chun conradh phoiblí a dhámhachtain san Aontas agus brath ar chóir chomhionann i gcomparáid le tairgeoirí na mBallstát nó na tríú tíortha atá faoi cheangal ag comhaontú den sórt sin. Ar an gcaoi chéanna, **ní féidir leo a bheith ag brath ar fhorálacha na Treorach ábhartha a bhaineann le conarthaí poiblí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh lena ndéantar an conradh lena mbaineann a dhámhachtain.**

Ar deireadh, measann an Chúirt go dtagann an cheist maidir le rochtain ag oibreoirí eacnamaíocha ó thríú thíortha ar nósanna imeachta soláthair phoiblí sna mBallstáit faoi réimse **a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith**. Mar gheall air sin, níl na Ballstáit i dteideal reachtaíocht nó gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh a bhfuil feidhm ghinearálta acu, lena n-áirítear nuair nár ghlac an tAontas gníomhartha infheidhme sa

réimse sin.

In éagmais gníomh dá leithéid, beidh an t-eititeas conarthach freagrach as a mheas, ar bhonn cás ar chás, ar cheart ligean d'oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tír nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas a bheith páirteach i nós imeachta chun conradh phoiblí a dhámhachtain. Má dhéanann oibreoir eacnamaíoch den sórt sin agóid i gcoinne reáchtáil an nós imeachta, ní féidir a achomharc a scrúdú ach amháin i bhfianaise an dlí náisiúnta, agus ní i bhfianaise dhlí an Aontais.

Measann an Chúirt i ndáil leis sin **nach féidir leis na húdaráis náisiúnta na forálacha náisiúnta lena dtrasuítear na rialacha atá sa Treoir maidir le Soláthar Poiblí a chuireann siad i bhfeidhm ar oibreoirí eacnamaíocha ó thríú tíortha nár thug comhaontú idirnáisiúnta i gcrích leis an Aontas a cheangal ar údaráis chonarthacha**.

Dá bhrí sin, dhearbhaigh sí **go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha**.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE.